Coimisiún na Meán

# Claochlú Digiteach Scéim

Dáta foilsithe: 26 Meán Fómhair 2025

Tá eolas sa doiciméad seo maidir leis an **Scéim um Chlaochlú Digiteach** lena n-áirítear:

a) Cuspóirí na Scéime;
b) Paraiméadair na Scéime; agus
c) An chaoi a n-oibreoidh sé.

# Clár Ábhar


**1. Réamhrá 4**

**2. Intreoir 5**

**3. Ról an Choimisiúin 5**

3.1. Comhthéacs Reachtach don Scéim um Chlaochlú Digiteach 5

3.1.1. Bunú na Scéime 5
3.1.2. Sainmhíniú ar Chlaochlú Digiteach 6
3.1.3. Cuspóirí na Scéime 6

3.2. Cur Chuige An Choimisiúin maidir le Cur i bhFeidhm Scéimeanna Maoinithe 7

**4 Raon feidhme na Scéime um Chlaochlú Digiteach 7**

4.1 Tacú leis an gClaochlú Digiteach: Riachtanais Oiliúna agus Teicneolaíochta 7

4.2 Ábhar 8

4.3 Critéir Incháilitheachta 8

**5 Maoiniú 9**

5.1 Leithdháileadh cistí laistigh den Scéim um Chlaochlú Digiteach 9

5.2 Cineálacha deontais 9

5.3 Céatadán Uasta an Chistiúcháin atá ar Fáil 10
5.4 Oibleagáidí faoi Rialacha Cúnaimh Stáit an AE 11
5.5 Babhtaí Mhaoiniúcháin 11
5.6 Aitheantas ar Mhaoiniú 11

**6 Iarratas, Measúnú agus Dámhachtainí 11**

6.1 An Próiseas Iarratais 11

6.2 An Próiseas Measúnaithe 11

6.2.1 Meastóireacht Réamhchéime 11
6.2.2 Measúnú Cáilíochtúil 12
6.2.3 Measúnú Straitéiseach 12
6.2.4 Daingniú Foirmiúil 12

6.3 An Próiseas Dámhachtana 12

**7 Athbhreithniú ar an Scéim um Chlaochlú Digiteach 13**

Coimisiún na Meán
Tá Coimisiún na Meán (“An Coimisiún”), coimisiún na hÉireann chun craoltóirí, na meáin ar líne a rialáil agus chun tacú le forbairt na meán, tiomanta do thírdhreach meán atá rathúil, éagsúil agus cruthaitheach a chinntiú.

De bhreis ar a fheidhm Forbartha Meán, forbraíonn agus oibríonn An Coimisiún scéimeanna maoinithe chun tacú le hábhar a chruthú do lucht féachana na hÉireann a léiríonn agus a mhúnlaíonn sochaí na hÉireann, agus a bhfuil sé mar aidhm aige tacú le hearnáil na meán agus a hiolrachas a neartú.

Chuige sin, leithdháil an tAire Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt, Patrick O’Donovan TD, €3m san iomlán ar an Scéim um Chlaochlú Digiteach do 2025. Tá an Scéim á bunú ar bhonn riaracháin agus tá na paraiméadair leathana bunaithe ar mholtaí Choimisiún um Thodhchaí na Meán (CTM).

# 1. Réamhrá

Moladh sa Tuarascáil ón gCoimisiún um Thodhchaí na Meán gur cheart an Ciste Craolacháin, dá bhforáiltear faoi láthair faoi Chuid 10 de na hAchtanna um Chraolachán agus um Rialáil Eile na Meán 2009 agus 2022 agus a thacaíonn leis na Scéimeanna Fuaime agus Físe agus Cartlannaithe, a thiontú ina Chiste Meán chun cistiú a sholáthar ar bhonn atá neodrach ó thaobh ardáin de d'earnáil na meán i gcoitinne. Is aidhm uileghabhálach é tacú le raon scéimeanna maoinithe do Sholáthraithe Inneachair Seirbhíse Poiblí ar bhonn céimnithe lena n-áirítear: -

- Tacaíocht don Chlaochlú Digiteach;
- Scéim Tuairiscithe Daonlathais Áitiúil;
- Scéim Tuairiscithe na gCúirteanna;
- Scéim Tuairiscithe Nuachta;
- Scéim Rochtana agus Oiliúna; agus,
- Scéim na Meán Pobail.

Tar éis chur i bhfeidhm na Scéimeanna Tuairiscithe Daonlathais Áitiúil agus Cúirteanna in 2024, cinneadh gurb iad na chéad Scéimeanna eile a bheadh le cur chun cinn na Tacaíochtaí don Chlaochlú Digiteach agus an Scéim Tuairiscithe Nuachta.

Is é is aidhm do bhunú na Scéime um Chlaochlú Digiteach aghaidh a thabhairt ar an 'gceanglas sonrach atá ann tacú leis an nuálaíocht agus leis an gclaochlú digiteach i Soláthraithe Ábhar Seirbhíse Poiblí (PSCPanna)' mar a mhol an Coimisiún um Thodhchaí na Meán ('FoMC'). Beidh sé d'aidhm ag an Scéim an lucht saothair atá ann cheana a uasoiliúint leis na scileanna digiteacha is gá agus nuálaíocht theicneolaíoch a dhreasú agus ar an gcaoi sin cabhrú le heagraíochtaí meán ábhar seirbhíse poiblí ardcháilíochta a sholáthar ar bhonn leanúnach a fhónann chun an pobal a chur ar an eolas, chun ionracas a choinneáil ar bun agus chun muinín a chaomhnú.

I bhfianaise mholtaí FoMC, leithdháileadh €10 milliún i mBuiséad 2025 ar Chiste na Meán ar bhonn riaracháin, chun leanúint leis na Scéimeanna Tuairiscithe Daonlathais agus Cúirteanna Áitiúla agus chun Scéim um Chlaochlú Digiteach agus Scéim Tuairiscithe Nuachta a riar. Leithdháileadh thart ar €3 mhilliún don Scéim um Chlaochlú Digiteach.

Tá an Scéim um Chlaochlú Digiteach a chuirtear i láthair thíos bunaithe ar thorthaí agus ar mholtaí thuarascáil FoMC, ar thaighde agus ar obair chomhairliúcháin a rinne an Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt agus Grúpa Oibre Forfheidhmithe FoMC chomh maith le tuilleadh taighde cuimsitheach a rinneadh thar ceann Choimisiún na Meán.

# 2. Intreoir

Is scéim tacaíochta um aistriú digiteach í an Scéim um Chlaochlú Digiteach ("an Scéim") atá á hoibriú ag Coimisiún na Meán ("An Coimisiún") agus á maoiniú trí chistí an stáit. Is é príomhchuspóir na Scéime seo tacú le Soláthraithe Ábhar Seirbhíse Poiblí (Pobail, Áitiúil, Réigiúnach agus Náisiúnta)aistriú chuig samhail dhigiteach inbhuanaithe lena gcinnteofar inmharthanacht fhadtéarmach ábhair seirbhíse poiblí ar ardchaighdeán atá neamhspleách, iontaofa, inrochtana agus éagsúil.

Sa chomhthéacs seo, tá sé mar aidhm aige tacú le huasoiliúint scileanna digiteacha an lucht saothair atá ann cheana féin leis an oiliúint riachtanach chun rathú agus dul san iomaíocht san earnáil meán digiteach náisiúnta agus domhanda agus maoiniú á dhéanamh ag an am céanna ar nuachóiriú riachtanach an bhonneagair agus na n-uirlisí digiteacha le haghaidh forbairt gnó. Is é seo an chéad leagan den Scéim.

Leagtar amach sa cháipéis seo príomhghnéithe na Scéime i dtéarmaí ról An Choimisiúin, na gcuspóirí, an raon feidhme, an maoiniú atá ar fáil, agus na bpróiseas oibríochtúil. Foilseoidh An Coimisiún doiciméid tacaíochta d'iarratasóirí féideartha ar bhabhtaí maoinithe agus ar aon bhearta forbartha gaolmhara go rialta thar shaolré na Scéime.

# 3. Ról an Choimisiúin

Tá an Coimisiún freagrach as bainistiú na Scéime, lena n-áirítear rialachas corparáideach agus eisíocaíocht na gcistí. Is é an tAire Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt, An tUas. Patrick O'Donovan a chinnfidh leibhéal an mhaoinithe. Clúdaíonn an maoiniú a leithdháiltear riarachán aon scéime, nó scéimeanna, agus deontais mhaoinithe araon.

## 3.1. Comhthéacs Reachtach don Scéim um Chlaochlú Digiteach

### 3.1.1. Bunú na Scéime

Le hAlt 7(5)(b) de na hAchtanna um Chraolachán agus Rialáil Eile na Meán 2009 & 2022 tugtar de chumhacht don Aire Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt socruithe a dhéanamh leis an gCoimisiún chun scéimeanna a chur ar bun chun 'soláthar nuachta agus tráchtaireachta ar chúrsaí reatha atá ar ardchaighdeán, éagsúil agus nuálach a spreagadh'. Ina theannta sin, luaitear in Alt (7) (3) (g) go ndéanfaidh an Coimisiún 'taighde a spreagadh, tionscnaimh agus gníomhaíochtaí oideachais agus oiliúna a chur chun cinn nó a fhormheas... i ndáil le hábhair a bhaineann lena fheidhmeanna.'

Thairis sin, mhol 'FoMC' (3.2 Moladh 6-3 'Tacaíochtaí a bhunú don chlaochlú digiteach') scéim a fhorbairt chun tacaíocht a chur ar fáil d'eagraíochtaí meán inbhuanaithe (Pobail, Áitiúil, Réigiúnach agus Náisiúnta) a bhfuil cabhair de dhíth orthu chun nuálaíocht a dhéanamh agus chun aistriú chuig an timpeallacht faisnéise digití.

Sa chomhthéacs seo, ullmhóidh agus cuirfidh an Coimisiún faoi bhráid an Aire scéim chun cistí a dheonú chun tacú le gach ceann nó le haon cheann díobh seo a leanas:

a) Cláir um Uasoiliúint Digiteach atá deartha chun an lucht saothair meán atá ann faoi láthair a chosaint agus a chumasú don todhchaí.
b) Tionscnaimh bhonneagair theicneolaíocha lena gcumasaítear an cruthú agus an dáileadh ábhair is fearr is féidir ar dtús.
c) Tionscadail Chlaochlaithe meán digiteach atá ceaptha chun borradh a chur faoi shuntasacht, rannpháirtíocht agus inbhuanaitheacht ábhar meán na seirbhíse poiblí.

d) Tionscnaimh dhigiteacha a chuireann chun cinn inrochtaineacht agus an Ghaeilge, agus a chuimsíonn inbhuanaitheacht i réimsí ábhair dhigiteacha atá réidh don todhchaí.

Cuirfear an scéim chun feidhme i gcomhréir le Rialacha an AE maidir le Státchabhair go sonrach faoi chuimsiú Rialachán Ginearálta na Blocdhíolúine (GBER) agus Di Minimis. Ní leithdháilfear an maoiniú ach amháin ar thionscadail a bhfuil sé mar aidhm acu soláthar agus infhaighteacht ábhar seirbhíse poiblí ardchaighdeáin a chur chun cinn trí uasoiliúint a dhéanamh ar scileanna digiteacha an lucht saothair, bonneagar a nuachóiriú agus dáileadh ábhair a uasmhéadú trí mhodhanna digiteacha mar a leagtar amach in a) go dtí d) thuas agus ar an gcaoi sin cuspóirí na scéime a chomhlíonadh.

### 3.1.2. Sainmhíniú ar Chlaochlú Digiteach

Chun críche na scéime seo, sainmhínítear Claochlú Digiteach mar 'An úsáid straitéiseach a bhaintear as teicneolaíochtaí digiteacha chun cruthú agus dáileadh ábhair a nuachóiriú, éifeachtúlacht oibriúcháin a fheabhsú, inrochtaineacht a chur chun cinn agus samhlacha gnó atá dírithe ar an lucht féachana, agus arna mbunú ar shonraí a chumasú.' I gcomhthéacs na scéime sin cuimseofar leis an gClaochlú Digiteach glacadh uasoiliúint dhigitigh, teicneolaíochtaí digiteacha agus sreafaí oibre digiteacha chun nuachóiriú a dhéanamh ar chruthú agus ar dháileadh ábhair meán seirbhíse poiblí atá iontaofa, cuimsitheach agus inrochtana agus ar ardchaighdeán rud a uasmhéadóidh lucht féachana agus éisteachta.

### 3.1.3. Cuspóirí na Scéime

Is iad seo a leanas cuspóirí na Scéime:

- **Tacaíocht a thabhairt do Riachtanais Oiliúna na hEarnála**: Chun aghaidh a thabhairt ar bhearnaí cumais agus scileanna digiteacha a shainaithnítear trí scileanna digiteacha atá réidh don todhchaí a threalmhú do ghairmithe meán trí oiliúint agus athoiliúint spriocdhírithe.
- **Tacaíocht a thabhairt do Riachtanais Teicneolaíochta na hEarnála**: Tacú le nuachóiriú bhonneagar na meán agus úsáid uirlisí nuálacha chun oiriúnú don tírdhreach digiteach agus freastal ar riachtanais thomhaltóirí na meán chomh maith le cuidiú le hinbhuanaitheacht airgeadais earnáil na meán.
- **Feiceálacht:** Leibhéal na feiceálachta agus na 'hin-aimsitheachta' d'ábhar seirbhíse poiblí a mhéadú trí bhearta claochlaithe digití chun cabhrú le lucht féachana rochtain a fháil ar fhaisnéis iontaofa, iontaimhdhe agus cruinn.
- **An Ghaeilge**: Tacú le claochlú digiteach soláthraithe ábhair seirbhíse poiblí Gaeilge.
- **Iolarthacht:** Spreag agus méadaigh cumas agus gníomhaíocht dhigiteach ar fud raon éagsúil foinsí agus ar an gcaoi sin tírdhreach meán athléimneach agus ionadaíoch a chur chun cinn in Éirinn.
- **Teicneolaíocht Nua a Úsáid**: Glacadh cothrom agus úsáid eiticiúil uirlisí feabhsaithe táirgiúlachta a chumasú, lena n-áirítear IS, a fhónann chun inrochtaineacht, éifeachtúlacht agus rannpháirtíocht a fheabhsú agus sláine eagarthóireachta á caomhnú le formhaoirseacht dhaonna agus fostaíocht in earnáil na meán á cosaint ag an am céanna. (m. sh. anailís agus pearsantú a dhéanamh ar rannpháirtíocht lucht féachana/éisteachta, Tras-scríobh, Fotheidealú, Faireachán cúnta ar na meáin shóisialta, Tacair mhóra sonraí a aimsiú)
- **Inrochtaineacht**: Tacaíocht a thabhairt d'oiliúint inrochtaineachta digití agus teicneolaíocht a fheabhsú chun gnéithe a áireamh mar thras-scríobh, téacs-go-hurlabhra agus ateangaireacht i dTeanga Chomharthaíochta na hÉireann (ISL) chun inrochtaineacht a chur chun cinn.
- **Rannpháirtíocht na hÓige**: Tacú le cuir chuige dhigiteacha nuálacha agus inbhuanaithe a fhorbairt chun lucht féachana éagsúil agus níos óige a mhealladh chun bualadh leis an óige áit a bhfuil siad, ar fud na n-ardán, na mbealaí agus na bhformáidí a úsáideann siad go gníomhach.
- **Comhoibriú:** Chun comhoibriú níos fearr a chur chun cinn agus leas a bhaint as geilleagair scála i bhforbairt agus i gcur i bhfeidhm teicneolaíochtaí nua.

- **Inbhuanaitheacht**: Spreag réitigh dhigiteacha a bhfuil tionchar íseal comhshaoil agus inmharthanacht fhadtéarmach acu. Dea-chleachtais ghlasa a ionchorprú i seachadadh ábhair dhigitigh (m. sh. úsáid fuinnimh in-athnuaite, sruthú inbhuanaithe, óstáil freastalaí glasa, úsáid laghdaithe lárionad sonraí.)

### 3.2. Cur Chuige An Choimisiúin maidir le Cur i bhFeidhm Scéimeanna Maoinithe

Agus aon scéim maoinithe á cur chun feidhme aige, glacann an Coimisiún cur chuige atá straitéiseach tríd is tríd maidir le cur chun feidhme na scéimeanna sin bunaithe ar na tosaíochtaí seo a leanas:

1. Struchtúir a bhunú a dhíríonn ar phríomhchuspóirí na reachtaíochta agus a áirithíonn dáileadh éifeachtach cistiúcháin.
2. Naisc láidre a thógáil agus sásraí a bhunú le haghaidh idirphlé le hearnáil na meán agus le gníomhaireachtaí eile de chuid na hearnála poiblí chun treochtaí sna meáin agus i réimsí ábhartha a thomhas, agus chun bonn eolais a chur faoi chinntí amhail líon agus struchtúr na scéimeanna;
3. Solúbthacht a choinneáil laistigh de struchtúir scéimeanna chun riarachán agus bainistiú éifeachtúil an chiste a áirithiú chun freagairt go héifeachtach do riachtanais earnáil na meán agus chun a áirithiú go mbainfear amach cuspóirí na scéimeanna.

Tá bunluachanna ann atá mar bhonn agus mar thaca ag cur chuige an Choimisiúin maidir le scéim a oibriú. Gabhann an gCoimisiún air féin na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- A bheith Cothrom – inár bpróisis, nósanna imeachta, agus cinntí.
- A bheith Neamhspleách – ag feidhmiú mar rialtóir neamhchlaonta.
- A bheith inár Saineolaíthe – trí eolas a chur orainn féin trí rannpháirtíocht, taighde, agus tiomantas don fhoghlaim ghairmiúil.
- A bheith Cuntasach – inár gcinntí, inár rialachas, agus inár n-acmhainní.

# 4 Raon feidhme na Scéime um Chlaochlú Digiteach

## 4.1 Tacú leis an gClaochlú Digiteach: Riachtanais Oiliúna agus Teicneolaíochta

Is é príomhchuspóir na Scéime um Chlaochlú Digiteach ná an nuachóiriú riachtanach ar bhonneagar agus ar uirlisí digiteacha a chumasú chun forbairt ghnó a éascú agus tacú le huasoiliúint dhigiteach, ag cur na scileanna, na hoiliúna agus an eolais riachtanaigh ar fáil don earnáil na meán chun go n-éireoidh léi agus chun iomaíocht a dhéanamh san earnáil mheán dhigiteach. Tá sé ríthábhachtach tacú le gníomhaíochtaí eagraíochtaí na meán tríd an gclaochlú digiteach chun go mairfidh earnáil na meán agus go mbeidh teacht aniar inti agus chun go mbeidh ról daonlathach ríthábhachtach aici maidir le hábhar seirbhíse poiblí iontaofa ar ardchaighdeán a sholáthar do lucht féachana ar fud na n-ardán. Is é cuspóir na Scéime cabhrú le dlús a chur leis an gclaochlú digiteach trí na riachtanais is práinní in earnáil na meán a chomhlíonadh trí infheistíocht sa teicneolaíocht agus i scileanna a dhreasú, agus ar an gcaoi sin todhchaí tionscail meán nuálach, láidir agus lúfar a chosaint a bheidh in ann freastal ar riachtanais mhéadaitheacha lucht féachana digiteach in Éirinn.

## 4.2 Ábhar

Cuireann an Scéim um Chlaochlú Digiteach tacaíocht mhaoinithe ar fáil do thionscnaimh a fhéachann le cruthú agus dáileadh ábhar meán seirbhíse poiblí a chosaint agus a mhéadú agus ar an gcaoi sin lucht féachana leathan agus trasghlúine a shroicheadh trí na croíshnáitheanna seo a leanas.

a) Oiliúint: Athoiliúint agus uasoiliúint an earnáil na meán i réimsí lena n-áirítear ach gan a bheith teoranta do iriseoireacht dhigiteach agus eitic, inrochtaineacht dhigiteach, coimeád, caomhnú, rannpháirtíocht lucht féachana, IS, anailís sonraí agus scéalaíocht il-ardáin.

b) Teicneolaíocht: Tionscnaimh theicneolaíocha chun caighdeán agus éifeachtacht seachadta agus dáileadh ábhair mheán digitigh a fheabhsú, agus chun lucht féachana a bhaint amach ar bhealaí nua lena n-áirítear lucht féachana éagsúil agus an óige.

## 4.3 Critéir Incháilitheachta

Féadfaidh soláthraithe seirbhíse meán iarratais ar an Scéim um Chlaochlú Digiteach a chur isteach ar bhonn neodrach ó thaobh ardáin de. Leagtar síos leis na critéir incháilitheachta na híoschaighdeáin nach mór a bhaint amach le bheith incháilithe chun iarratas a dhéanamh ar chistiú.

a) **Comhlíonadh**
Beidh ar na meáin chraolta cuntas teiste a léiriú maidir le comhlíonadh cóid agus caighdeáin chraolacháin Choimisiún na Meán.

b) **Ballraíocht i gComhlacht Rialála**
Ní mór do nuachtáin agus do fhoilseacháin ar líne fianaise a sholáthar ar bhallraíocht i gcomhlacht rialaitheach ábhartha, is é sin Comhairle an Phreasa, agus cuntas teiste maidir le comhlíonadh leis.

c) **Léiritheoir Inneachair Seirbhíse Poiblí**
Ní mór d'iarrthóirí a bheith ina n-aonáin a tháirgeann agus a dháileann ábhar seirbhíse poiblí, amhail nuacht, cultúr, agus cláir atá dírithe ar an bpobal. Áirítear leis seo ná craoltóirí, nuachtáin, agus ardáin ar líne.

d) **Gealltanas maidir leis an gClaochlú Digiteach**
Beidh an Coimisiún ag súil go gcuirfidh iarratasóirí achoimre ar fáil ar thionscadal um Chlaochlú Digiteach agus go dtabharfaidh siad mionsonraí ar an gcaoi a bhfuil sé mar chuid de ghníomhaíochtaí gnó amach anseo.

e) **Léiriú ar Riachtanas**
Ní mór d'iarratasóirí a léiriú go bhfuil gá soiléir le claochlú digiteach, ina leagtar amach conas a chuirfidh an cistiú feabhas ar a gcumas ábhar seirbhíse poiblí a sholáthar do lucht féachana ar bhealach níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla.

f) **Cuspóirí na Scéime a Chomhlíonadh**
Ní mór d'iarrthóirí a léiriú go soiléir cén cuspóir (nó cuspóirí) den Scéim a bhfuil a moladh ag teacht leis nó leo.

**Eisiaimh: Ní bheidh maoiniú ar fáil chun na nithe seo a leanas a mhaoiniú:**

- Tionscadail nach bhfuil comhpháirt shoiléir maidir leis an gclaochlú digiteach acu.

- Táirgeadh díreach ábhair.
- Gnáth-uasghráduithe nó uasghráduithe gnó mar is gnách ar chórais dhigiteacha atá in úsáid cheana féin.
- Trialacha bogearraí íoctha le díoltóirí teicneolaíochta. Ní mór measúnuithe ó sholáthraithe ardáin teicneolaíochta nó bogearraí, agus saineolaithe digiteacha seachtracha a bheith neamhspleách ar réitigh.
- Sainchomhairleoireacht, oiliúint agus gníomhaíocht eile nach mbaineann leis an gclaochlú digiteach ná le cuspóirí na scéime.
- Tionscadail arb é is cuspóir dóibh córais a fhorbairt nó a uasghrádú chun airgead a shaothrú as ábhar (mar shampla ballaí pá, córais síntiúis, teicneolaíocht fógraíochta).
- Maoiniú chun poist bhuana a chruthú don Chlaochlú Digiteach.
- Tionscadail lena ndírítear ar thorthaí comhshaoil/inbhuanaitheachta a bhaint amach, agus air sin amháin.

# 5 Maoiniú

## 5.1 Leithdháileadh cistí laistigh den Scéim um Chlaochlú Digiteach

Beidh an deontas á bhronnadh i gcomhghaol le tionscadail um Chlaochlú Digiteach lena bhféachtar le dlús a chur le seachadadh agus scaipeadh ábhar digiteach, agus cur le rochtain ar eolas poiblí iontaofa ar ardchaighdeán trí uasoiliúint a thabhairt d'earnáil na meán agus trí na teicneolaíochtaí riachtanacha a chur i bhfeidhm chun rannpháirtíocht a uasmhéadú agus ar an gcaoi sin an sochaí chomhaimseartha a mhealladh.

I leith seo, déanfaidh An Coimisiún iarracht deontais a leithdháileadh ar bhonn neodrach maidir le hardáin do raon leathan iarrthóirí éagsúil, faoi réir na gcaighdeán riachtanacha a bhaint amach agus ag cinneadh ar méid na ndeontais, tabharfar aird ar roinnt fachtóirí lena n-áirítear ach gan a bheith teoranta do, nuálaíocht trí oiliúint agus bonneagar, inrochtaineacht dhigiteach, an Ghaeilge agus ilchineálacht. Tabharfar aird ar leibhéal foriomlán an chistithe a dhámhtar ar aon soláthraí seirbhíse meán amháin agus sa chomhthéacs sin, féadfaidh an Coimisiún bearta iomchuí a dhéanamh chun teorainn a chur le leibhéal foriomlán an chistithe a dhámhtar ar aon soláthraí seirbhíse meán amháin a bhfuil roinnt eagraíochtaí meán aige, lena n-áirítear ar fud na n-ardán uile.

## 5.2 Cineálacha deontais

Beidh an tsolúbthacht ag an gCoimisiún cinneadh a dhéanamh, ar bhonn cás ar chás, maidir leis an gcur chuige is iomchuí i leith leithdháileadh cistiúcháin ar iarratasóirí deontais agus beidh sé de rogha aige cistiú a dhámhachtain, de réir mar is cuí leis, inter alia ar aon cheann de na slite seo a leanas:

- **Oiliúint: Athoiliúint agus uasoiliúint an** earnáil na meán i réimsí lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta do, iriseoireacht dhigiteach agus eitic, inrochtaineacht dhigiteach, coimeád, caomhnú, rannpháirtíocht lucht féachana, IS, anailísí sonraí/Optamú Inneall Cuardaigh (SEO) agus scéalaíocht il-ardáin.
- **Deontais d’Infreastruchtúr Digiteach:** Cur i bhfeidhm, nó uasghrádú suntasach a dhéanamh ar, bhonneagar ríthábhachtach gnó agus TF chun freastal níos fearr a dhéanamh ar lucht féachana i réimsí amhail ach gan a bheith teoranta do CMS, freastalaithe, seirbhísí scamallacha, aipeanna, uirlisí IS.

- **Deontais do Chomhpháirtíochtaí agus don Chomhoibriú: Comhoibriú** níos leithne a chothú agus leas a bhaint as geilleagair scála i bhforbairt agus i gcur i bhfeidhm tionscadal claochlaithe digití i réimsí amhail (ach gan a bheith teoranta do) oiliúint agus teicneolaíocht.
- **Deontais um Inrochtaineacht agus Cuimsiú:** Tacaíocht a thabhairt d'oiliúint inrochtaineachta digití agus teicneolaíocht a fheabhsú chun gnéithe a áireamh mar thras-scríobh, téacs-go-hurlabhra agus ateangaireacht i dTeanga Chomharthaíochta na hÉireann (ISL) chun inrochtaineacht a chur chun cinn.
- **Deontais Comhairliúcháin Dhigiteacha:** Tacaíocht a thabhairt don earnáil na meán maidir le dúshláin agus deiseanna straitéiseacha claochlaithe digiteach agus cuidiú le heagraíochtaí cleachtais oiliúna digiteacha, teicneolaíochtaí agus réitigh is fearr a aithint agus a chur i bhfeidhm chun feiceálacht ábhair a uasmhéadú.
- **Deontais do Nuálaíocht Dhigiteach:** Tacaíocht a thabhairt do sheachadadh ábhair nua seirbhís phoiblí atá digiteach ar dtús nó ilmheán agus cur chuige nua a spreagadh chun dul i ngleic le roghanna athraitheacha tomhaltóirí meán.

Ceanglófar leis an Scéim nach rachaidh aon chonradh Deontais a dhéanfar idir eagraíocht meán agus an Coimisiún thar thréimhse 12 mhí.

Foilseofar doiciméid treorach le haghaidh gach babhta maoinithe agus áireofar ann faisnéis mhionsonraithe ar leibhéil na ndámhachtainí deontais agus ar theimpléid bhuiséid ina leagtar amach na costais cheadaithe faoin Scéim.

### 5.3 Céatadán Uasta an Chistiúcháin atá ar Fáil

Go ginearálta, déanfaidh Coimisiún na Meán deontais a leithdháileadh faoin Scéim a dhéanann ionadaíocht ar idir 50-70% de na costais incháilithe. Ceanglaítear ar iarratasóirí sonraí iomlána a sholáthar maidir le leibhéal agus foinse aon mhaoinithe eile do gach gné den bhuiséad. Tugann na maitrísí seo a leanas sampla de na céatadáin fhéideartha atá le leithdháileadh:

| Catagóir an Deontais (Féach ar na Cineálacha Deontas sa Doiciméad scéime seo) | Deontas Íosta | Deontas Uasta | Ní bheidh an deontas a dhámhfar níos mó ná an céatadán seo a leanas den bhuiséad iomlán |
|---|---|---|---|
| Bonneagar Digiteach | €10,000 | €350,000 | 50% |
| Forbairt/Oiliúint Scileanna Digiteacha | €5,000 | €300,000 | Go dtí 70% |
| Comhpháirtíocht agus Comhoibriú Digiteach | €20,000 | €250,000 | 50% |
| Tionscadail Inrochtaineachta agus Cuimsithe | €5,000 | €250,000 | 50% |
| Comhairleoireacht Meán Digiteach | €5,000 | €200,000 | 50% |
| Nuálaíocht Ábhar Digiteach | €10,000 | €200,000 | 50% |

*Uasmhéideanna céatadáin bunaithe ar iarratasóirí FBManna/Athraitheach do Aonáin Níos Mó. Tuilleadh eolais: Cúnamh Stáit GBER

Is féidir maoiniú deontais a lorg freisin chun críocha tionscadal Claochlaithe Digití ar scála níos lú (suas le 100% de chostas an tionscadail suas go huasmhéid de €100,000) de réir Rialachán De Minimis (AE)

2023/2831. Ní mór d'iarrthóirí gach cúnamh eile De Minimis a fuarthas le linn na tréimhse seo a dhearbhú chun comhlíonadh a chinntiú. Tuilleadh eolais: [CúnamhStáit]

### 5.4 Oibleagáidí faoi Rialacha Cúnaimh Stáit an AE

Ní mór don Choimisiún an scéim maoinithe don Chlaochlú Digiteach a oibriú i gcomhréir le rialacha státchabhrach an Aontais, go sonrach faoi chuimsiú Rialachán Ginearálta na Blocdhíolúine (GBER).

I measc na gceanglas comhlíonta tá trédhearcacht iomlán amhail dámhachtainí maoinithe a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin Choimisiún na Meán agus an Scéim a chur san áireamh i dtuarascáil a chuirtear faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh gach bliain. Ní mór dámhachtainí aonair os cionn €100k a thuairisciú don Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt agus ansin ní mór don Roinn iad a dhearbhú ar Mhodúl Dámhachtainí Trédhearcachta Choimisiún an AE. Tá an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta chun tosaigh ar an tuarascáil seo agus déanfaidh an Roinn comhordú ar fhaisnéis a fhaightear ar ais ón gCoimisiún ina leith sin. Ní mór don Choimisiún an fhaisnéis uile is gá maidir le dámhachtain chistiúcháin a choinneáil le haghaidh na tréimhse cistiúcháin agus ina dhiaidh sin, le haghaidh deich mbliana ina dhiaidh sin chun a áirithiú gur féidir leis an CE iniúchadh a dhéanamh ar dheontas nó ar dheontais chun a chinneadh cé acu atá nó nach bhfuil an cúiteamh a dheonaítear comhoiriúnach le Rialachán GBER. Ón 1 Eanáir 2026 ar aghaidh beidh gá gach cúnamh a bhronntar faoi Rialachán De Minimis a thuairisciú ar Mhodúl Trédhearcachta um Dhámhachtainí de chuid an CE.

### 5.5 Babhtaí Mhaoiniúcháin

Beidh An Coimisiún ag leithdháileadh maoinithe trí chóras babhtaí maoinithe iomaíocha. Braithfidh líon na mbabhtaí maoinithe ar réimse tosca, lena n-áirítear maoiniú a bheith ar fáil agus riachtanais oibríochtúla don Choimisiún.

### 5.6 Aitheantas ar Mhaoiniú

Ceanglaítear ar iarratasóirí a fhaigheann maoiniú ón gCoimisiún de réir conartha aitheantas foirmiúil a thabhairt don tacaíocht sin i bhformáid atá inghlactha ag an gCoimisiún. Forchoimeádann An Coimisiún an ceart treoirlínte a eisiúint d'iarratasóirí ina sonraítear ceanglais bheachta ina leith sin.

# 6 Iarratas, Measúnú agus Dámhachtainí

### 6.1 An Próiseas Iarratais

Foilseoidh an Coimisiún faisnéis maidir le gníomhaíochtaí maoinithe atá ar na bacáin agus beidh an méid seo a leanas san áireamh ann: sonraí maidir le conas aighneachtaí a dhéanamh, faisnéis incháilitheachta, tráthchláir iarratais, sonraí faoi chritéir mheasúnaithe agus faisnéis fhorlíontach eile de réir mar a mheastar a bheith iomchuí.

### 6.2 An Próiseas Measúnaithe

Is éard atá sa phróiseas measúnaithe don Scéim um Chlaochlú Digiteach na ceithre chéim fhéideartha seo a leanas agus áirítear leis measúnú arna dhéanamh ag measúnóirí neamhspleácha agus saineolaithe atá cáilithe go cuí ag an gCéim cháilíochtúil:

#### 6.2.1 Meastóireacht Réamhchéime

Cinntíonn an chéim seo go bhfuil iarratasóir incháilithe le haghaidh maoinithe faoin scéim. Is é an fócas anseo a chinntiú go gcomhlíontar na critéir íosta agus go bhfuil an doiciméadacht

riachtanach go léir curtha isteach. Díchâilítear aon iarratas nach n-éiríonn leo sa chéim réamh-mheastóireachta agus ní bheidh siad faoi réir a thuilleadh breithnithe.

### 6.2.2 Measúnú Cáilíochtúil

Déantar measúnú ar gach iarratas ar a fhiúntais féin i gcomhthéacs na gcritéar measúnaithe. Leagtar na critéir sin amach i ndoiciméadacht treorach an Choimisiúin a fhoilsítear chun iarratasóirí féideartha a chur ar an eolas agus chun tacú leo agus aighneacht á déanamh acu chuig an Scéim um Chlaochlú Digiteach.

### 6.2.3 Measúnú Straitéiseach

I gcásanna ina bhfuil níos mó iarratais cháilitheacha ná cistí ar fáil, beidh an dara céim mheastóireachta ag An gCoimisiún. Díríonn sé seo ar chothromaíocht a bhaint amach sa phacáiste foriomlán de thionscadail mhaoinithe ar fud na n-iarratas go léir i gcomhthéacs chuspóirí na scéime. Déantar na moltaí ón gcéim cháilíochtúil a mheas anseo freisin. Cuirtear na moltaí deiridh faoi bhráid na gCoimisinéirí ansin lena ndaingniú.

### 6.2.4 Daingniú Foirmiúil

Sa chéim dheireanach daingníonn Coimisiún na Meán an pacáiste foriomlán iarratas atá molta le haghaidh maoinithe agus áirítear leis seo aird ar chomhlíonadh chuspóirí an bhabhta maoinithe.

## 6.3 An Próiseas Dámhachtana

Sa chás go bhfuil iarratas ar mhaoiniú ceadaithe ag an gCoimisiún tá feidhm ag na céimeanna seo a leanas:

I. Cuireann an Coimisiún an t-iarratasóir ar an eolas faoin gcinneadh, agus leagann sé amach aon choinníoll/coinníollacha a ghabhann leis an tairiscint.
II. Cuirfidh an Coimisiún liosta de na tairiscintí maoinithe atá daingnithe ag na Coimisinéirí ar fáil don phobal.
III. Ní mór don iarratasóir a n-éireoidh leo a dheimhniú go nglacann siad leis an tairiscint ar mhaoiniú agus le haon choinníoll/coinníollacha a ghabhann leis sin ón gCoimisiún.
IV. Ceanglaítear ar iarratasóir rathúil comhaontú conarthach a dhéanamh leis An gCoimisiún, ar théarmaí atá le sonrú ag an gCoimisiún. Áirítear leis na téarmaí sin sceideal a bhaineann le tarraingt anuas cistí ag iarratasóir.

Riarann An Coimisiún cistí i gcomhréir le téarmaí an chomhaontaithe chonarthaigh. Don scéim phíolótach seo, níor cheart (nó ní bheidh) téarma an chonartha maoinithe níos mó ná tréimhse dhá mhí dhéag. I gcás inar dhiúltaigh An Coimisiún d'iarratas ar mhaoiniú, tugtar fógra d'iarratasóirí ina n-aonar agus tugtar aiseolas dóibh maidir le feidhmíocht a n-iarratais sa phróiseas measúnaithe.

Forbróidh An Coimisiún córas pointí caighdeánaithe chun tacú le measúnú iarratais agus leis an aiseolas a thugtar d’iarratasóir.

# 7 Athbhreithniú ar an Scéim um Chlaochlú Digiteach

Mar a fhoráiltear faoi Thuarascáil FoMC, tá an Scéim um Chlaochlú Digiteach á bunú ar bhonn píolótach ar feadh tréimhse tosaigh dhá mhí dhéag agus déanfaidh An Coimisiún athbhreithniú ar oibriú, éifeachtacht, agus tionchar na Scéime ar chríochnú na céime píolótaí seo agus cuirfidh sé tuarascáil i scríbhinn faoi bhráid an Aire maidir leis an athbhreithniú.

Cuirfidh an mheastóireacht seo ar an scéim phíolótach bonn eolais faoi fhorbairt beartais ar leaganacha den Scéim amach anseo.